AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil 9.12.2011
SEC(2011) 1504 leagan deireanach

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialacháin**

**maidir le leibhéal fuaime mótarfheithiclí**

{COIM(2011) 856 leagan deireanach}
{SEC(2011) 1505 leagan deireanach}

Séanadh: Ní dhéantar a cheangal leis an achoimre feidhmiúcháin seo ach na sierbhísí sin de chuid an Choimisiúin a bhí bainteach le hullmhú na hachoimre agus tá sí gan dochar d'fhoirm chríochnaitheach.

# 1. AN FHADHB A SHAINIÚ

## 1.1. Comhthéacs an bheartais

Cumhdaíonn an Treoir um Thorann ó Mhótarfheithiclí (Treoir 70/157/CEE) agus na leasuithe a rinneadh uirthi na ceanglais maidir le torann seachtrach dul thart ó mhótarfheithiclí i ndálaí tástála, i.e. tugtar tuairisc iontu ar an nós imeachta tástála agus sonraítear teorainneacha torainn. Bhí dhá chuspóir ag an Treoir bhunaidh agus ag na leasuithe a rinneadh uirthi. Ar an gcéad dul síos, bhí siad dírithe ar a áirithiú, i gcás catagóirí ar leith mótarfheithiclí, nach mbeadh teorainneacha torainn Ballstát ar leith ina mbacainní ar thrádáil. Ba é an dara cuspóir iontu teorainneacha torainn a dhochtadh le torann timpeallachta a laghdú. I dTreoir leasaithe 92/97/CEE tugadh isteach comhtheorainneacha éigeantacha torainn atá infheidhme i ngach Ballstát.

Le Cinneadh 97/836/CE ón gComhairle, d'aontaigh an Comhphobal Eorpach do Chomhaontú Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) maidir le saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a ghlacadh i gcomhair feithiclí rothacha. Áirítear leis sin go gcomhchuibhítear cineálcheadú feithiclí an AE le níos mó tíortha taobh amuigh den AE ionas go bhféadfaidh táirgeoirí an AE na línte táirgeachta céanna a úsáid le haghaidh na margaí onnmhairithe sin agus a úsáideann siad le haghaidh an mhargaidh inmheánaigh. Tá an nós imeachta tástála agus luachanna teorainneacha ó Rialachán UNECE Uimh. 51 comhionann leo siúd atá sa Treoir de chuid an AE.

Cé gur comhchuibhíodh an nós imeachta cineál-tástála agus teorainneacha torainn mar a beartaíodh i dTreoir 70/157/CEE, níor íslíodh fíorleibhéil torainn tráchta ó tá difear idir na fíordhálaí agus na dálaí tástála, i gcás na ngluaisteán go háirithe, mar gur tháinig méadú ar an torann ó bhoinn i dtaca le torann gléasra cumhachta agus go raibh méid an tráchta ag méadú go leanúnach agus go leanfar den mhéadú sin amach anseo. Dá bhrí sin, chuathas i ngleic le torann tráchta bóthair freisin i dTreoir 2001/43/CE (a eisíodh níos déanaí), i Rialachán Uimh. 661/2009 ina gcumhdaítear torann ó bhoinn agus i dTreoir 2002/49/CE maidir le measúnú ar thorann timpeallachta.

Is féidir an méid torainn tráchta a théann i bhfeidhm ar dhaoine a laghdú ar bhealaí éagsúla: trí theorainneacha torainn a ísliú ag an bhfoinse i.e. teorainneacha ar an torann a dhéanann gluaisteáin a ísliú go díreach, nó é a dhéanamh go hindíreach, trí bhearta ar nós scéimeanna faoisimh cánach d'infheistíochtaí atá neamhdhíobhálach don timpeallacht (e.g. Vamil agus MIA san Ísiltír)[1], caighdeáin maidir le feithiclí seachadta ciúine a fháil (e.g. caighdeán PIEK[2],) srianta ar thrácht (e.g. an comhartha trucaile torainn ísil mar a cheanglaítear ar bhealaí idirthurais sna hAlpa Ostaracha), athródú agus teorainneacha luais nó réitigh laghdaithe torainn (e.g. bacainní torainn, dromchlaí ciúine bóthair, fuaiminsliú ar aghaidh foirgneamh). Is mó an éifeacht a bhíonn leis na bearta sin ó thaobh na teicneolaíochta agus na heacnamaíochta de, áfach, má laghdaítear an torann ag a fhoinse freisin.

Fógraíodh sa Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach maidir le straitéis Eorpach ar fheithiclí glana agus tíosach ar fhuinneamh dar dáta 28.04.2010 go dtíolacfaidh an

---

1 http://www.senternovem.nl/vamil_mia/English.asp

2 http://www.bmwt.nl/files_content/Certificatie-%20en%20toezichtprocedures%20PIEK.pdf

Coimisiún togra in 2011 chun leasú a dhéanamh ar an reachtaíocht maidir le hísliú ar astaíochtaí torainn ó fheithiclí.

## 1.2. Fadhbanna sainaitheanta

*Modhanna nach leor le torann tráchta bóthair a thomhas*

Lean den leasú is déanaí ar reachtaíocht maidir le torann feithiclí in 1995 laghdú 85% ar astaíochtaí torainn ó ghluaisteáin (-8 dB(A)) agus laghdú os cionn 90% ó leoraithe troma (-11 dB(A)) i dtaca leis na luachanna teorainneacha tosaigh a bunaíodh in 1970. Is léir ó na staidéir, áfach, gur lú i bhfad an laghdú ar fhíorleibhéil torainn tráchta: gan ann ach 1 – 2 dB(A). Is féidir na cúiseanna atá leis an leibhéal íseal sin éifeachta a chur síos do na nithe seo a leanas: níor cuireadh teorainneacha i bhfeidhm go dian sna blianta tosaigh, cuireadh na nuafheithiclí a bhí ní ba chiúine in ionad seanfheithiclí go mall, tháinig méadú suntasach ar thrácht, úsáideadh boinn ní ba leithne a raibh buanna éagsúla acu le haghaidh luasanna ní b’airde agus nós imeachta tástála nach léiríonn fíordhálaí tiomána.

Tar éis ghlacadh Rialachán-661/2009 ina leagtar amach ceanglais nua torainn do bhoinn mótarfheithiclí, is é an chéad chéim eile le laghdú níos mó a dhéanamh ar astaíochtaí torainn feithiclí san am atá le teacht na ceanglais maidir le cineál-cheadú don fheithicil iomlán a fheabhsú. San áireamh ansin tá ísliú ar na luachanna teorainneacha ar an iomlán trí dhearcadh ar gach foinse torainn ó mhótarfheithiclí, ó thagann an t-aer isteach thar an ngléasra cumhachta go n-imíonn sé tríd an sceithphíopa agus aire ar leith a thabhairt don mhéid a chuireann na boinn leis an torann, maille le nós imeachta tástála níos fearr.

Sa phrótacal tástála torainn atá i bhfeidhm ó 1970 agus sna leasuithe a rinneadh air ó shin, ceanglaítear go mbeidh luasghéarú agus an scóig lánoscailte ar an bhfeithicil atá faoi thástáil. Ní léiríonn an nós imeachta seo fíoriompar tiomána níos mó, áfach. De bharr athruithe ar theicneolaíocht na bhfeithiclí agus méadú ar an trácht, is é luasghéarú agus an scóig leathoscailte is mó a bhíonn a úsáid i láthair na huaire. Ar an ábhar sin, is cosúil gurb é an bealach is fearr chun tosaigh maidir le leibhéil torainn a ísliú ná modheolaíocht tástála nuashonraithe a fhágann gur féidir luachanna teorainneacha barrmhaithe a shocrú.

Mar réiteach ar an bhfadhb shainaitheanta, shaothraigh meitheal UNECE maidir le Fuaim modh nua tástála a foilsíodh in 2007 agus a bhfuiltear ag déanamh faireacháin air le trí bliana go comhthreomhar leis an modh tástála a bhí ann cheana. Chuir an faireachán ar chumas na meithle bunachar sonraí de thorthaí comhthreomhara a chnuasach, bunachar a bheadh riachtanach le measúnú a dheanamh ar an modh nua agus le cainníochtú a dhéanamh ar na difir idir an dá mhodh.

Tá an modh nua neamhspleách ar dhearadh agus gabhann sé níos fearr le dálaí reatha tiomána uirbí ná an seanmhodh. Tá idir thástáil luasghéaraithe *agus* tástáil luais sheasmhaigh i gceist ann. Baineann na difir eile idir an dá mhodh le lamhháltais infheidhme agus leis na boinn a roghnaítear don triail.

*Drochéifeachtaí sláinte de dheasca torainn tráchta bóthair*

De réir thuarascáil an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch dar teideal *Transport at a crossroads 2008* (Iompar ag croisbhealach 2008), bíonn beagnach 76 milliún duine

(i.e. 55% den daonra atá ina chónaí i gceirtleáin uirbeacha ina bhfuil níos mó ná 250 000 áitritheoir) nochta do leibhéil torainn bhóthair os cionn 55 dB $L_{DEN}$[3] Is 'Luach tairsí' atá san uimhir sin a nglactar léi go coiteann agus is dochúla go mbeidh drochéifeachtaí sláinte ann má théitear thairsti. Bíonn beagnach 48 milliún duine nochta do leibhéil os cionn 50 dB $L_{night}$[4]agus is é an torann bóthair is mó i bhfad a chuireann leis an nochtadh torainn ó iompar san oíche. Tá beagnach 21 milliún duine (i.e. 17% den daonra atá ina chónaí i gceirtleáin uirbeacha) ina gcónaí i gceantair ina bhfuil drochéifeacht ag léibhéil torainn ón mbóthar san oíche ar shláinte.

Is cúis mhór struis timpeallachta é torann tráchta i gceantair uirbeacha san Eoraip. Ar an gcéad dul síos, is féidir do nochtadh torainn cur isteach ar chodladh agus ar ghníomhaíochtaí laethúla agus is féidir dó crá intinne agus strus a chur ar dhuine. Má leanann na héifeachtaí seo ar feadh tréimhse fada nochta, is féidir dóibh contúirt galair chardashoithíoch agus contúirt neamhoird shíciatraigh a mhéadú. Sa tuarascáil ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte in 2008 dar teideal *Economic valuation of transport-related health effects, with a special focus on children*[5] (Luacháil gheilleagrach ar na héifeachtaí sláinte a bhaineann le hiompar, dírithe ar leanaí go háirithe) sainaithníodh na críochphointí sláinte seo a leanas maidir le nochtadh torainn: crá mór intinne, laghdú ar gcáilíocht codlata, cur isteach mór ar chodladh, easuan, galar croí iscéimeach (e.g. hipirtheannas). Agus na héifeachtaí nach bhfuil amhras fúthu ar shláinte agus ar cháilíocht maireachtála agus na costais a leanann iad curtha san áireamh, is léir gurbh fhearrde don daonra laghduithe móra ar nochtadh torainn.

*Baol go dtiocfadh ilroinnt ar an margadh inmheánach*

Mura ndéantar uasdátú ar cheanglais theicniúla maidir le hastaíochtaí torainn ó mhótarfheithiclí ionas go gcuireann siad forbairtí teicniúla san áireamh trí mhodheolaíocht leordhóthanach tástála a úsáid agus luachanna teorainneacha inghlactha a chur i bhfeidhm, tá baol ann go dtiocfaidh ilroinnt ar an margadh inmheánach. B'fhéidir go measfaidh Ballstáit gur gá bearta eile a thabhairt isteach le drochéifeachtaí sláinte ar a saoránaigh a chur ar ceal. B'fhéidir gur thabhairt isteach criosanna ar leith nach bhfuil cead ach ag feithiclí torainn ísil iontu a bheadh i gceist, nó bearta áitiúla eile.

## 1.3. Cé a dtéann sé i bhfeidhm air, ar cén dóigh agus cá mhéad?

Téann astaíochtaí torainn reatha ó mhótarfheithiclí i bhfeidhm ar gach saoránach, agus ar áitritheoirí uirbeacha i gceantair a bhfuil cuid mhór tráchta iontu go háirithe.

---

3 Is toise é $L_{DEN}$ ar nochtadh torainn i sainláthair áitiúil, e.g. sráid. Sainítear é mar an meán fuinnimh ualaithe ar leibhéil lá-coineascar-oíche agus tá sé ag brath go mór ar an gcineál bóthair atá ann, ar an láthair agus ar athrú tráchta thar thréimhse 24 uair. Is minic a bhíonn líon na ngluaisteán oiread sin os cionn líon na gcineálacha eile feithicle gur ar na gluaisteáin atá an leibhéal iomlán $\mathbf{L_{DEN}}$ ag brath, ar leibhéal é is mó a dtéann na leibhéil coineascair agus oíche i bhfeidhm air ós acu an t-ualú is mó. Is iad na feithiclí lasta, na leoraithe agus na feithiclí earraí troma is mó a théann i bhfeidhm ar an $\mathbf{L_{DEN}}$ in amanna, ar roinnt bóithre a mbíonn siad go han-mhinic orthu. .

4 Is é líon níos mó gluaisteán is mó is cúis le $\mathbf{L_{night}}$, ó bhíonn formhór an tráchta ar bhóithre uirbeacha ar siúl le linn an lae. Bíonn meascán de thorann gléasra cumhachta agus de thorann bonn sa $\mathbf{L_{night}}$, ach is mó an torann gléasra cumhachta le linn tráchta uainigh. Ar bhealaí a mbíonn méid suntasach tráchta lasta san oíche amhail roinnt mótarbhealaí, is iad leoraithe agus feithiclí earraí troma is mó a théann i bhfeidhm ar $\mathbf{L_{night}}$ in amanna.

5 http://ec.europa.eu/health/ph_projects/2003/action3/action3_2003_08_en.htm#3

Ar na páirtithe leasmhara eile a dtéann an Treoir um Thorann ó Mhótarfheithiclí i bhfeidhm orthu tá: údaráis bóithre; údaráis áitiúla agus údaráis náisiúnta; údaráis sláinte; an tionscal gluaisteán, soláthróirí san áireamh; comhlachtaí cineálcheadaithe; an margadh tomhaltóirí d'fheithiclí bóthair; an margadh gairmiúil d'fheithiclí bóthair (cuideachtaí léasa agus cíosa); úinéirí cabhlach trucailí, veaineanna agus tacsaithe. Dá nglacfaí an reachtaíocht ar astaíochtaí torainn ar leibhéal an AE agus dá bhformheasfaí í faoin UNECE, bheadh tionchar aici ar gach páirtí i gComhaontú UNECE na bliana 1958.

## 2. ANAILÍS AR CHOIMHDEACHT

Is é Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le comhfhogasú a dhéanamh ar dhlíthe is bunús dlí don togra seo.

Ós rud é go bhfuil teorainneacha astaíochtaí torainn agus an nós imeachta cineálcheadaithe do mhótarfheithiclí comhchuibhithe cheana féin is ar leibhéal an AE amháin is féidir aon mhodhnú a dhéanamh ar an Treoir um Thorann ó Mhótarfheithiclí . Ní amháin go gcoscann an comhchuibhiú seo ilroinnt ar an margadh inmheánach, déanann sé comhchaighdeáin sláinte, sábháilteachta agus timpeallachta a áirithiú ar fud an AE agus cuireann sé barainneachtaí scála ar fáil chomh maith: is féidir táirgí a dhéanamh do mhargadh na hEorpa ina iomláine, seachas iad a shaincheapadh chun cineálcheadú náisiúnta a fháil i ngach Ballstát faoi seach.

I bhfianaise na leibhéal reatha torainn timpeallachta agus líon reatha na saoránach atá faoina dtionchar agus i bhfianaise teorainneacha torainn an AE a bheith gan athrú le deich mbliana anuas cé gur mhéadaigh ar na leibhéil tráchta, meastar go bhfuil sé comhréireach na teorainneacha a athrú leis an scéal seo a réiteach.

## 3. CUSPÓIRÍ

| CUSPÓIRÍ GINEARÁLTA | CUSPÓIRÍ SAINIÚLA | CUSPÓIRÍ OIBRÍOCHTÚLA |
|---|---|---|
| 1. Leibhéal ard sláinte agus cosanta timpeallachta a áirithiú | 1. Tionchar diúltach nochtadh torainn ar shaoránaigh Eorpacha de dheasca tráchta mótarfheithiclí a laghdú | Na modhanna tástála infheidhme agus na ceanglais laistigh den chóras Eorpach le haghaidh cineálcheadú mótarfheithiclí a mhodhnú agus a fheabhsú maidir lena n-astaíochtaí torainn |
| 2. An margadh inmheánach mótarfheithiclí a shlánú | 2. Dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh mótarfheithiclí a áirithiú maidir le hastaíochtaí torainn na mótarfheithiclí | |

## 4. ROGHANNA BEARTAIS

*Rogha 1:* **Gan athrú: an seanmhodh tástála agus na luachanna teorainneacha atá ann faoi láthair**

Sa rogha seo leanfaidh na luachanna teorainneacha agus na lamháltais mar atá de bheith bailí, i dteannta an tseanmhodha tomhais.

*Rogha 2*: **Modh nua tástála agus na luachanna teorainneacha atá ann faoi láthair**

Sa rogha seo, cuirfear an modh tomhais nua agus an tacar luachanna teorainneacha reatha le chéile.

*Rogha 3:* **Modh nua tástála agus luachanna teorainneacha atá coibhéiseach leis na seanluachanna.**

Díríonn an rogha seo ar an **modh tástála nua a úsáid in éineacht le luachanna teorainneacha**, ionas nach mbeidh ceanglais níos déine fós dá thoradh seachas mar atá san áireamh sa mhodh tástála reatha agus i gcur i bhfeidhm reatha na luachanna teorainneacha atá ann faoi láthair. Sa rogha seo, déantar foráil maidir le luachanna teorainneacha nua nach n-athróidh an leibhéal déine i gcomparáid leis an seanchóras.

*Rogha 4:* **Modh nua tástála agus luachanna teorainneacha laghdaithe a thabhairt isteach d'aonchéim**

Le rogha 4, moltar luachanna teorainneacha nua i gcónasc leis an modh tástála nua ionas go mbeifí ag súil le laghdú ar astaíochtaí torainn údaraithe in aghaidh na mótarfheithicle. D'fhéadfadh an laghdú de 3 dB(A) ar luachanna teorainneacha torainn d'fheithiclí éadroma agus an laghdú de 2 dB(A) do thromfheithiclí atá molta teacht i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2014.

*Rogha 5:* **Modh nua tástála agus luachanna teorainneacha laghdaithe a thabhairt isteach in dhá chéim**

I gcomparáid le rogha 4, tá sprioc deiridh níos ardaidhmeannaí ag baint le rogha 5 maidir le torann a laghdú. Bhainfí é seo amach in dhá chéim. Is é an chéad chéim laghdú de 2 dB(A) d'fheithiclí éadroma agus de 1 dB(A) do thromfheithiclí a d'fhéadfaí a thabhairt isteach an 1 Eanáir 2013. Is é an dara céim laghdú de 2 dB(A) d'fheithiclí éadroma agus de 2 dB(A) do thromfheithiclí. Beidh iarracht níos mó forbartha de dhíth agus tacar níos déine de bhearta teicniúla: is féidir an chéim seo a thabhairt isteach ón 1 Eanáir 2015. Is laghduithe iomlána de 4 dB(A) d'fheithiclí éadroma agus de 3 dB(A) do thromfheithiclí a bheadh i gceist.

## 5. MEASÚNÚ TIONCHAR

### *5.1. Cur chuige*

Cumhdaíonn an measúnú tionchair reatha gnéithe na gcúig rogha beartais a bhaineann le timpeallacht, sochaí agus geilleagar.

Sainmhínítear an tionchar timpeallachta i dtéarmaí laghdaithe ar $L_{DEN,}$ $L_{night}$ agus ar leibhéil ó theagmhais aonair. Cuirtear san áireamh sa tionchar sóisialta tionchar torainn ar chrá intinne, ar chur isteach ar chodladh, ar shláinte agus ar cháilíocht maireachtála Faoi na tionchair eacnamaíocha. áirítear a luach airgid, gá níos lú le réitigh chun torainn tráchta a laghdú agus costais ar an tionscal, de réir treoracha ar anailís ar chostais/shocair.

### *5.2. Tionchar timpeallachta*

Ó thaobh na reachtaíochta reatha de is é atá i dtionchar torainn timpeallachta an leibhéal cóibhéiseach torainn am-mheánaithe $L_{DEN}$ agus an leibhéal torainn oíche meánaithe $L_{night}$ ag aghaidheanna áitreabh arna ríomh de réir mar a cheanglaítear i dTreoir um Thorann Timpeallachta 2002/49/EC.

*Anailís*

Leagtar amach na difir idir na roghanna beartais ar an tábla thíos. Léiríonn rogha 2 méadú ar an tionchar a bheadh ann toisc go gceadófaí leibhéil ní b'airde torainn (meánmhéadú de 1.7 dB(A)) Is é an meánlaghdú ar leibhéil torainn tráchta 2.5 dB(A) i gcás rogha 4 agus 3.1 dB i gcás rogha 5. Is airde na laghduithe sin i gcás tráchta uainigh, mar atá, 2.8 dB(A) i gcás rogha 4 agus 4.1 dB(A) i gcás rogha 5[6] De réir a chéile a théann siad i bhfeidhm, agus ní bhíonn siad ar bun go hiomlán go malartaítear na feithiclí go léir, i.e. 13 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na dteorainneacha nua. D'fhéadfadh cuid den laghdú bheith ann ní ba luaithe de bharr athruithe i leibhéil torainn ó bhoinn, i gcás tráchta i saorghluaiseacht go háirithe.

| **$dL_{DEN}$** | Bóthar cónaithe agus trácht uaineach | Bóthar cónaithe agus i saorghluaiseacht | Príomhbhóthar agus trácht uaineach | Príomhbhóthar agusi saorghluaiseacht | Bealach Artaireach agus i saorghluaiseacht | Mótarbhealach uirbeach agus i saorghluaiseacht | Mótarbhealach tuaithe agus i saorghluaiseacht | Bóthar tuaithe agus i saorghluaiseacht |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Rogha 1** | 0,0 | 0,0 | 0,0 | 0,0 | 0,0 | 0,0 | 0,0 | 0,0 |
| **Rogha 2** | + 1,8 | + 1,8 | + 1,5 | + 1,7 | + 1,6 | + 1,6 | + 1,7 | + 1,5 |
| **Rogha 3** | 0,0 | 0,0 | 0,0 | 0,0 | 0,0 | 0,0 | 0,0 | 0,0 |
| **Rogha 4** | - 2,8 | - 2,5 | - 2,9 | - 2,4 | - 2,4 | - 2,4 | - 2,4 | - 2,4 |
| **Rogha 5** | - 4,0 | - 2,9 | - 4,2 | - 2,6 | - 2,7 | - 2,7 | - 2,7 | - 2,7 |
| **$dL_{night}$** | | | | | | | | |
| **Rogha 1** | 0,0 | 0,0 | 0,0 | 0,0 | 0,0 | 0,0 | 0,0 | 0,0 |
| **Rogha 2** | + 1,8 | + 1,8 | + 1,4 | + 1,6 | + 1,6 | + 1,5 | + 1,6 | + 1,5 |
| **Rogha 3** | 0,0 | 0,0 | 0,0 | 0,0 | 0,0 | 0,0 | 0,0 | 0,0 |
| **Rogha 4** | - 2,7 | - 2,5 | - 2,8 | - 2,4 | - 2,4 | - 2,4 | - 2,4 | - 2,3 |
| **Rogha 5** | - 3,8 | - 3,1 | - 4,0 | - 2,7 | - 2,7 | - 2,7 | - 2,7 | - 2,7 |

## 5.3. Tionchair shóisialta agus shláinte

Is gnách gurb é atá i dtionchar sóisialta torainn tráchta bóthair an céatadán de na daoine a bhfuil crá mór intinne orthu agus $L_{DEN} \geq 55$ ag aghaidh na n-áitreabh. D'fhéadfadh na leibhéil crá intinne dul i bhfeidhm ar an gcáilíocht maireachtála agus ar an tsláinte go ginearálta.

Cumhdaíonn cáilíocht maireachtála réimse leathan fachtóirí, lena n-áirítear díriú aire agus intuigtheacht ar obair, ar scoil agus sa bhaile, fachtóirí ar deacair cáinníocht a dhéanamh orthu, agus cáilíocht limistéar cónaithe, limistéar caitheamh aimsire agus limistéar caomhnaithe, áiteanna ar luachmhar leis na daoine timpeallacht chiúin. Cé go dtéann leibhéil arda torainn i bhfeidhm ar fhormhór na ndaoine i gceantair uirbeacha, tá méadú ag teacht ar an iarracht a dhéantar na ceantair thuaithe a chosaint

[6] Uimhreacha a ríomhadh mar mheán ar na luachanna i dtábla 7.

ó thorann tráchta freisin. Ó thaobh na sláinte de, fuarthas baint legalar croí miócairdiach, le hipirtheannas, le strus agus le cur isteach ar chodladh. Rinneadh freisin meastacháin ar líon na mBlianta Saoil Oiriúnaithe de réir Míchumais (BSOM)[7] mar gheall ar fhachtóirí timpeallachta ar díobh nochtadh torainn.

Tá sé léirithe go bhfuil comhchoibhneas láidir idir an leibhéal crá intinne agus $L_{DEN}$ i gcás cineálacha éagsúla foinsí torainn tráchta. Tá comhchoibhneas idir cur isteach ar chodladh agus $L_{night}$ ar an mbealach céanna.

Agus leibhéil réamhríofa $L_{DEN}$ agus $L_{night}$, na líonta daoine a bhí nochta don torann agus na caidrimh idir dáileog agus tionchar mar bhun acu, rinneadh na ríomhanna seo a leanas maidir leis an líon daoine a bheadh cráite nó cráite go dona nó a gcuirfí isteach ar a gcodladh i gcás gach rogha beartais.

| | Milliún cráite go dona | Milliún a gcuirfí isteach go mór ar a gcodladh | Milliún cráite | Milliún a gcuirfí isteach ar a gcodladh |
|---|---|---|---|---|
| Rogha 1 | 55 | 27 | 119 | 60 |

7 http://en.wikipedia.org/wiki/Disability-adjusted_life_year

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Rogha 2 | 64 | 30 | 133 | 66 |
| Rogha 3 | 55 | 27 | 119 | 60 |
| Rogha 4 | 44 | 22 | 99 | 51 |
| Rogha 5 | 41 | 22 | 95 | 49 |

### *5.4. Tionchair eacnamaíocha*

*Tionchar eacnamaíoch ar an tionscal*

Rachadh an tionchar teicniúil-eacnamaíoch a thiocfadh as an treoir a athrú i bhfeidhm go príomha ar an tionscal gluaisteán (monaróirí, soláthróirí agus an tionscal bonn) agus is é a bheadh ann athruithe ar an modh tástála agus ar na teorainneacha, lena mbainfeadh costais chun torann a laghdú. Ar na costais sin áirítear costais táirgthe in aghaidh an aonaid agus na costais forbartha, innealltóireachta agus tástála, a bhaineann le múnluithe nua nó le huasghráduithe múnluithe.Glactar leis go n-áiritheofaí tuilleadh laghdaithe ar thorann mar gheall ar bhoinn ní ba chiúine sa treoir um thorann ó bhoinn, agus cé go bhféadfadh sé go mbeadh ar thionscal na mbonn cuid de na costais a iompar, tá boinn níos ciúine ar fáil cheana ar an margadh ar chostas beag breise nó gan costas breise ar bith, agus beidh siad éigeantach tar éis 2016. Níl na costais maidir le comhlíonadh an Rialacháin maidir le torann ó bhoinn[8] mar chuid den anailís seo.

*Anailís*

Is léir ó na costais forbartha agus táirgthe le chéile go bhfuil na costais táirgthe i bhfad níos airde ná na costais forbartha nuair a dhearctar orthu thar thréimhse 7 mbliana.[9] Léirítear sa tábla seo a leanas na costais maidir le roghanna 4 agus 5. Ní gá athrú ar tháirgeadh na ngluaisteán le haghaidh roghanna 1 go 3 agus mar sin ní chuirtear aon chostais bhreise forbartha ná táirgthe san áireamh. Glactar leis gur 0 a luach agus ní dhearctar níos cruinne ach ar roghanna 4 agus 5 sna táblaí thíos a léiríonn na costais bhreise lascainithe ar fhorbairt agus ar tháirgeadh sna milliúin euro.

Is ionann an tionchar ar an tionscal feithiclí agus 4 bhilliún euro i gcás rogha 4 agus 6 bhilliún euro i gcás rogha 5[10]. Tabhaítear na costais seo ar feadh timthrialla 3 + 7 de bhlianta agus is costais bhreise táirgthe nach dtabhaítear tar éis 10 mbliana is mó atá i gceist.

8 http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=OJ:L:2009:200:0001:0024:EN:PDF

9 Tugann sé seo le tuiscint gurbh fhéidir nach dtiocfadh athruithe bunúsacha dearaidh i bhfeidhm ach tar éis 5 bliana agus go mbeidh malartú iomlán déanta ar na múnluithe reatha feithicle tar éis 7 mbliana.

10 Mar a leagadh síos i dTreoirlínte an Choimisiúin Eorpaigh do Mheasúnuithe Tionchair, lascainíodh costais tionscail ag ráta bliantúil 4% mar a bheidh siad le híoc.

| M€ | Rogha 4 | | | | Rogha 5 | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Bliain | Forbairt | Táirgeadh | Suim | Lascaine 4% san áireamh | Forbairt | Táirgeadh | Suim | Lascaine 4% san áireamh |
| 2010 | 42,3 | 0,0 | 42,3 | 42,3 | 111,1 | 0,0 | 111,1 | 111,1 |
| 2011 | 42,3 | 0,0 | 42,3 | 40,7 | 111,1 | 0,0 | 111,1 | 106,9 |
| 2012 | 42,3 | 0,0 | 42,3 | 39,1 | 111,1 | 0,0 | 111,1 | 102,7 |
| 2013 | 42,3 | 1113,2 | 1155,5 | 1027,3 | 111,1 | 1608,3 | 1719,4 | 1528,5 |
| 2014 | 42,3 | 954,2 | 996,5 | 851,8 | 111,1 | 1378,5 | 1489,6 | 1273,3 |
| 2015 | 42,3 | 795,1 | 837,5 | 688,3 | 111,1 | 1148,8 | 1259,9 | 1035,5 |
| 2016 | 42,3 | 636,1 | 678,4 | 536,2 | 111,1 | 919,0 | 1030,1 | 814,1 |
| 2017 | 0,0 | 477,1 | 477,1 | 362,5 | 0,0 | 689,3 | 689,3 | 523,8 |
| 2018 | 0,0 | 318,1 | 318,1 | 232,4 | 0,0 | 459,5 | 459,5 | 335,8 |
| 2019 | 0,0 | 159,0 | 159,0 | 111,7 | 0,0 | 229,8 | 229,8 | 161,4 |
| 2020 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0,0 |
| 2021 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0,0 |
| 2022 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0,0 |
| 2023 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0,0 |
| 2024 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0,0 |
| 2025 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0,0 |
| 2026 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0,0 |
| 2027 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0,0 |
| 2028 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0,0 |
| 2029 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0,0 |
| 2030 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0,0 |
| Suim M€ | **296** | **4453** | **4749** | **3932** | **778** | **6433** | **7211** | **5993** |

*Tionchar eacnamaíoch ar an tsochaí*

Is iad príomheilimintí an tionchair shóisialta-eacnamaíoch (1) sochair a bhraitear a bhaineann le laghdú ar thorann ar sochair iad a bhfuil luach airgid ag baint leosochair airgid, (2) sochair ó choigilt maidir le costais sláinte agus (3) sochair ó choigilt maidir le laghdú torainn. Agus na pointí thuasluaite curtha san áireamh, is iad na hollsochair bhliantúla suim gach sochair phraghsála Héadónaí, gach sochair choigilte maidir le sláinte agus gach sochair choigilte maidir le laghdú torainn faoi seach. Bíonn de thoradh ar na fadhbanna sainaitheanta sláinte a bhfuil baint acu le nochtadh torainn na cineálacha tipiciúla costais seo a leanas: (1) Costais córa leighis (costais dhíreacha), (2) Caillteanais táirgthe eacnamaíoch (costais dhíreacha), (3) Fulaingt agus dobrón (costais dholáimhsithe).

*Luacháil ar laghdú torainn trí phraghsáil Héadónach*

Úsáideadh an modh a thugtar i bPáipéar Seasaimh an AE ar luacháil torainn (2003) le luacháil a dhéanamh ar na sochair a bhaineann le laghdú torainn tráchta. Léirítear ann a mhéad atá saoránaigh sásta íoc as laghdú torainn thart ar a n-áitreabh, agus a mhéad a athraíonn praghsanna tí de réir na leibhéal[11] torainn tráchta taobh amuigh.

*Luacháil ar éifeachtaí sláinte*

11 Is ionann an sochar a bhraitear do gach teaghlach in aghaidh na bliana, bunaithe ar mhodhanna ríofa praghsála Héadónaí agus 25€/dB/teaghlach/bliain (2002). Ríomhtar na sochair ar bhun líon na ndaoine nochta sa ríomh $\mathbf{L_{DEN}}$, rud a thugann 451 milliún.

Fuarthas na meastacháin i staidéar Eilbhéiseach agus méadaíodh iad de réir an chóimheasa idir daonra na hEilbhéise (7.6 milliún) agus daonra na 27 Ballstát de chuid an AE (500 milliún) Déanann sochair bhliantúla shláinte na 27 Ballstát de chuid an AE suas 84.5 milliún euro an dB(A) de laghdú torainn, atá cóibhéiseach le 5.92 € an duine an dB(A) in aghaidh na bliana.

*Sochair as coigilt ó laghduithe*

Déantar na sochair a thagann as coigilt ó laghduithe torainn de bharr tráchta níos ciúine a mheasúnú trí na laghduithe ar leibhéil torainn éifeachtacha a mheas feadh bóithre ar a mbeadh bacainní torainn[12], dromchlaí bóthair ciúine [13]nó fuaiminsliú ar aghaidh foirgnimh [14]de dhíth. Meastar gurb í an choigilt bhliantúil iomlán in 2010 ó na bearta laghduithe go léir maidir leis na 27 Ballstát de chuid an AE ná 58 milliún euro i gcás rogha beartais 4 agus 79 milliún euro i gcás rogha beartais 5, dá dtiocfadh laghdú iomlán torainn gach rogha i bhfeidhm láithreach. Ós rud é nach dtagann an laghdú torainn i bhfeidhm ach de réir a chéile, is ionann na chéad sochair ó laghduithe agus náid agus mhéadófaí an uimhir sin go huasmhéid ag deireadh na tréimhse measúnaithe.

12 Ní bhíonn bacainní torainn infheidhme de ghnáth ach i gcás mótarbhealaí agus bóithre artaireacha, áit ar gá laghduithe torainn de 10-15 dB(A)

13 Is réiteach iad dromchlaí bóthair ciúine a oireann do gach cineál bóthair ar torann bonn an torann is mó orthu, cé nach féidir ach laghdú tuairim is 5 dB a dhéanamh i gcás mótarbhealaí agus 2.3 dB(A) i gcás dálaí uirbeacha ar an dóigh seo.

14 Bíonn feidhm le fuaimínsliú, a d’fhéadfadh mórlaghdú go dtí tuairim is 30 dB(A) a dhéanamh, sna dálaí go léir, ach dearctar anseo air mar cheann de na réitigh thearca atá le fáil i gcás príomhbhóithre agus bóithre artaireacha i gceantair uirbeacha.

## 6. COMPARÁID IDIR NA ROGHANNA

| Tionchair / Rogha | Tionchar timpeallachta | Tionchar eacnamaíoch | | Tionchar sóisialta |
|---|---|---|---|---|
| | | Costais don tionscal (costais forbartha agus táirgthe) | Sochair don tsochaí (sochair phraghsála Héadónaí, sochair shláinte agus sochair ó laghdú torainn) | |
| Rogha 1<br><br>Gan athrú: an seanmhodh tástála agus na luachanna teorainneacha atá ann faoi láthair | Drochthionchar de dheasca méadú tráchta | Gan chostas | Gan sochair | Drochthionchar de dheasca méadú tráchta |
| | (0) | (0) | (0) | (0) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Rogha 2<br>Modh nua tástála agus na luachanna teorainneacha atá ann faoi láthair | Meánmhéadú ar thorann tráchta de 1.7 dB(A) | Gan chostas | Drochthionchar | Meánmhéadú 16% ar líon daoine a raibh crá mór intinne orthu<br>Meánmhéadú 11% ar líon daoine ar cuireadh isteach ar a gcodladh |
| | (--) | (0) | (--) | (-) |
| Rogha 3<br>Modh nua tástála agus luachanna teorainneacha atá coibhéiseach leis na seanluachanna. | Drochthionchar de dheasca méadú tráchta | Gan chostas | Gan sochair | Drochthionchar de dheasca méadú tráchta |
| | (0) | (0) | (0) | (0) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Rogha 4<br><br>Modh nua tástála agus luachanna teorainneacha laghdaithe a thugtar isteach d'aonchéim | Meánlaghdú ar thorann tráchta idir:<br><br>-2.5 agus -2.8 dB(A). | EUR 3932 milliún | EUR 103207 milliún<br><br>(94707 milliún EUR ó shochair shóisialta + 7831 milliún EUR ó shochair shláinte + 669 million EUR ó coigilt ar laghduithe) | Meánlaghdú 20% ar líon daoine a raibh crá mór intinne orthu<br><br>Laghdú 19% ar líon daoine ar cuireadh isteach go mór ar a gcodladh |
| | | cóimheas costais/sochair 26.2 | | |
| | (+) | (-) | (+) | (+) |
| Rogha 5<br><br>Modh nua tástála agus luachanna teorainneacha laghdaithe a thugtar isteach in dhá chéim | Meánlaghdú ar thorann tráchta idir:<br><br>-3,1 agus -4,0 dB(A). | EUR 5993 milliún | EUR 123170 milliún<br><br>(112849 milliún EUR ó shochair shóisialta + 9446 milliún EUR ó shochair shláinte + 875 milliún EUR ó choigilte ar laghduithe) | Laghdú 25 % ar líon daoine a raibh crá mór intinne orthu<br><br>Laghdú 19 % ar líon daoine ar cuireadh isteach go mór ar a gcodladh |
| | | cóimheas costais/sochair 20.6 | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | (++) | (--) | (++) | (++) |

Comparáid idir na roghanna maidir lena dtionchair eacnamaíocha, timpeallachta agus shóisialta.

## 7. FAIREACHÁN AGUS MEASTÓIREACHT

Ar na príomhtháscairí atá le cur san áireamh maidir le feidhmíocht na gníomhaíochta atá beartaithe tá an faireachán ar thorann faoin Treoir um Thorann Timpeallachta. Ba cheart go léireodh laghdú ar thorann timpeallachta i gceantair uirbeacha ar leith an laghdú atá tagtha ar thorann ó mhótarfheithiclí. Táscaire eile is ea faireachán ar luachanna cineálcheadaithe múnluithe nua mótarfheithiclí. Má thagann laghdú suntasach ar luachanna arna dtomhas, táscaire iomchuí is ea é gur rannchuidigh an rogha a roghnaíodh chun na cuspóirí timpeallachta a bhaineann leis an tionscnamh a bhaint amach. B'fhéidir go mbainfí moladh as torthaí an fhaireacháin gur cheart stráitéis leanúnach de laghduithe tráthrialta ar luachanna teorainneacha a fhorbairt go dtí go mbeadh leibhéal i bhfad níos ísle astaíochtaí torainn bainte amach nach bhféadfaí a laghdú níos mó gan athruithe bunúsacha ar an teicneolaíocht a bhaineann le feithiclí nó ar mhodhanna iompair.

Beidh an-tábhacht ar fad le teagmháil sheasmhach leis an tionscal, dírithe ar fhaireachán a dhéanamh ar an earnáil agus ar an acmhainn atá aige réitigh oiriúnacha a fhorbairt faoi cheann roinnt blianta.Maidir le cur i bhfeidhm na gceanglas nua astaíochtaí torainn, ní mór faireachán a dhéanamh ar an margadh agus ar fhorbairt cineálacha éagsúla cur chuige agus teicneolaíochta chun torann ó fheithiclí a laghdú. Ní mór an faireachán a dhéanamh ar mhonaróirí gluaisteán agus ar sholáthróirí príomhtháirgrí amhail boinn, tostóirí sceite, giarbhoscaí, innill etc. Dóigh oiriúnach amháin leis an teagmháil leanúnach sin a bhaint amach dul i muinín na Meithle Mótarfheithiclí (MMF), a dhéanann ionadaíocht do na páirtithe leasmhara a luadh.